**RABHADH**

**Tabhair an páipéar seo ar ais le do fhreagarleabhar.**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

**(180 marc)**

**DÉ MÁIRT, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA | |
|---|---|

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL.**

## STAIR, ARDLEIBHÉAL

Freagair **gach** ceist, **1, 2** agus **3** sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar scrúdaithe.

**1.** **PICTIÚIR** (15 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B1, B2 agus C a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

*(a)* **PICTIÚR A**

*Séard atá i bpictiúr A ná ath-tógáil a rinneadh ar chrannóg i gCreagán Eoghain, Co. an Chláir.*

(i) Cén fáth a rinneadh ath-tógálacha den saghas a thaispeántar sa phictiúr?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Ainmnigh **dhá** ghné cosanta a bhaineann leis an gcrannóg.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) "Tógadh ballaí na dtithe atá ar an gcrannóg agus úsáid á bhaint as modh oibre ar a dtugtar caolach agus dóib."
Mínigh gach ceann de na focail, caolach agus dóib.

Caolach:…………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………

Dóib:………………………………………………………………………………..

………………………………………………………………………………………...(2)

*(b)* **PICTIÚR B1 AGUS PICTIÚR B2**

*Taispeántar príomhcheannairí an APSS ag oscailt oifigiúil chanáil Mhoscú-Volga sa bhliain 1936. Tá Stalin, a bhí i gceannas ar an APSS ó 1928 – 1955, marcáilte mar* **X** *i bpictiúr B1. Tá an pictiúr céanna le feiceáil i B2 tar éis dó a bheith athruithe, ar ordú ó Stalin, i 1939.*

(i) Cén fáth go gceapadh ceannairí polaitiúla go mbeadh sé tábhachtach go dtógfaí grianghraf díobh ar a leithéid d'ócáid mar atá le feiceáil i bpictiúr B1?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………..(1)

(ii) Ón bhfianaise atá le feiceáil i bpictiúir B1 agus B2, tabhair cúis **amháin** nach féidir leis an staraí brath i gcónaí ar ghrianghraif mar fhoinsí.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………..(2)

(iii) An foinse phríomhá **nó** foinse thánaisteach eolais do staraí é pictiúr B1? Mínigh do fhreagra.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………..(2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Séard atá i bpictiúr C ná léarscáil a thaispeánann an chaoi ar tháinig athrú ar an daonra in Éirinn idir 1926 agus 1961.*

(i) Ainmnigh **ceann amháin** de na contaethe ar an taobh ó dheas den teorainn inar tháinig méadú ar an daonra i rith na tréimhse, 1926-1961.

…………………………………………………………………………………………(1)

(ii) Idir 1954 agus 1961, cén bhliain ina raibh an imirce bhliantúil ab airde as Tuaisceart Éireann?

…………………………………………………………………………………………(1)

(iii) Ainmnigh an t-aon chontae i dTuaisceart Éireann inar tharla laghdú ar an daonra i rith na tréimhse, 1926-1961.

…………………………………………………………………………………………(1)

(iv) Mínigh go hachomair cén fáth gur i rith chaogaidí an chéid seo caite ab airde a bhí an imirce amach as Poblacht na hÉireann.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...(2)

**2.** **DOICIMÉID** (15 marc)

Léigh an dá dhoiciméad **1** agus **2** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Seo é an Conradh agus Cúnant Sollúnta a shínigh Aontachtaithe Uladh ar "Lá Uladh", 28 Meán Fómhair, 1912.*

(i) An dream a shínigh an doiciméad, cad a dhearbhaigh siad go gcosnóidís?

…………………………………………………………………………………...….(1)

(ii) Cad atá i gceist acu leis an tagairt seo a leanas sa doiciméad "an chomhcheilg atá ar siúl faoi láthair"?

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………...….(1)

(iii) Cén fáth, dar leat, ar thacaigh a lán daoine sa Bhreatain le feachtas na nAontachtaithe?

…………………………………………………………………………………...….(1)

(iv) Ainmnigh **dhá** chúis a luaitear sa doiciméad go raibh na hAontachtaithe i gcoinne Rialtas Dúchais.

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………...….(2)

(v) Cés moite de "Lá Uladh" ainmnigh **dhá** rud a rinne Aontachtaithe Uladh chun cur i gcoinne Rialtas Dúchais suas go dtí an t-am a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach.

………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………...….(2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht is ea é seo as an méid a bhí le rá ag Cathal Brugha i nDáil Éireann an 7 Eanáir, 1922 le linn na díospóireachta ar an gConradh Angla-Éireannach.*

(i) Dar le Cathal Brugha, cad é an difríocht a bhí idir an Conradh agus an réiteach ar thacaigh seisean leis?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...….(1)

(ii) Cad a bhí i gceist ag Cathal Brugha nuair a labhair sé faoi "an traidisiún náisiúnta atá tar éis teacht anuas chugainn leis na céadta bliain"?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...….(1)

(iii) Cad é an sampla a úsáideann Cathal Brugha chun an réiteach atá á mholadh aige a mhíniú?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...….(1)

(iv) Cén duine go raibh sé sásta aitheantas a thabhairt dó "mar cheann ar an gcomhaontas"?

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...….(1)

(v) Ainmnigh **dhá** chúis gur chreid sé go mbeadh gaolmhaireacht le Comhlathas na Náisiún Briotanach níos fearr ná an Conradh.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...….(2)

(vi) As do chuid eolais ar stair na hÉireann ainmnigh **dhá** phointe a luadh **mar thaca** leis an gConradh.

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………...….(2)

**3. CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GEARRA** (20 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a úsáideann seandálaithe:

*Déantán ; Meigilit ; Dramhcharn ; Postpholl.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(ii) Ainmnigh **dhá** mhodh a úsáideann seandálaithe chun dáta a chur le nithe a aimsíonn siad.

…………………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Uaireanta tugann seandálaithe *sealgairí agus bailitheoirí* ar na daoine ba thúisce a mhair in Éirinn anallód. Cad is brí leis na téarmaí sin?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(iv) In Éirinn na gCeilteach cad a bhí in *ogham*?

…………………………………………………………………………………………………(2)

(v) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn i Ré na gCeilteach:

*Tuath; Fulacht fiadh; Uaimh thalún; Tánaiste.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(vi) I mainistir sa Mheánaois cad a bhí i *gclabhstra*?

…………………………………………………………………………………………………(2)

(vii) Mínigh cén fáth go raibh an-éileamh ar spíosraí san Eoraip timpeall na bliana 1500.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(viii) Cén úsáid a baineadh as **dhá** cheann díobh seo a leanas i rith Ré na Taiscéalaíochta?

*Compás; Astraláib; Cairteanna Portolan; Téadmheá.*

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(ix) Ainmnigh an tír Eorpach a rinne an bealach farraige go dtí an India a fhionnadh timpeall na bliana 1500.

…………………………………………………………………………………………………(2)

(x) Ainmnigh **dhá** thoradh a tháinig as fionnadh an chlóphreasa.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………(2)

(xi) Cén fáth a raibh an oiread san tábhacht ag baint le pátrúin i rith an Renaissance?

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xii) I rith aimsir na bPlandálacha in Éirinn mínigh difríocht mhór a bhí idir córas úinéireachta talún na nGael agus córas úinéireachta talún na Sasanach.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xiii) Ainmnigh **dhá** thoradh a bhí ag Cogadh na Saoirse i Meiriceá ar an bhFrainc **nó** ar Éirinn.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xiv) Tabhair **dhá** chúis gur sa Bhreatain a thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xv) Ainmnigh an duine a bhunaigh *Sinn Féin* sa bhliain 1905.

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xvi) Tabhair **dhá** chúis gur theip mhíleata a bhí in Éirí Amach 1916.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xvii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Cogadh na Saoirse, 1919-1921:

*Constáblaí Cúntacha; An Scuad; Colúin Reatha; Dubhchrónaigh.*

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xviii) Mínigh go hachomair an tábhacht a bhain le hAcht Rialachais Éireann 1920.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xix) Tabhair **dhá** chúis go raibh an faisisteachas go mór i mbéal an phobail san Eoraip i bhfichidí agus i dtríochadaí an chéid seo caite.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

(xx) Ainmnigh **dhá** mhór-athrú atá tar éis tarlú i saol na tuaithe in Éirinn idir 1945 agus 2000.

……………………………………………………………………………………………………..…..

……………………………………………………………………………………………………(2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5, AGUS 6**
**i bhFREAGARLEABHAR AR LEITH.**

**4.** **PEARSANA SA STAIR** (40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh siúd a ndéantar cur síos orthu thíos.
Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Manach i mainistir i dtús Ré na Críostaíochta in Éirinn. (20)

(ii) Péintéir/dealbhóir a ainmníonn tú de chuid an Renaissance **nach ón Iodáil dó nó di**. (20)

(iii) Coilíneach a fuair talamh in Éirinn i bplandáil **a ainmníonn tú** i rith an séú haois déag nó an seachtú haois déag. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh siúd a ndéantar cur síos orthu thíos.
Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Tiarna talún in Éirinn timpeall na bliana, 1850.

**NÓ**

Úinéir monarchan nó úinéir mianraigh i Sasana timpeall na bliana 1850. (20)

(ii) Seanbhean ag cur síos ar athruithe i ról na mban in Éirinn idir 1945 agus 2000. (20)

(iii) Ceannaire polaitiúil i bPoblacht na hÉireann i rith na tréimhse, 1949-1985. (20)

**5.** **AN REIFIRMÉISEAN** (30 marc)

**Foinse D**

*Petrarch – litir chuig cara leis.*

"…Anois tá cónaí orm sa Fhrainc, Baibealóin an Iarthair. Tá comharbaí ar iascairí bochta na Galaile i réim anseo; tá dearmad déanta acu ar a mbunadh. Is ionadh liom sin, nuair a chuimhním ar an dream a chuaigh rompu, go háirithenuair a fheicim na fir seo, iad gléasta in éadach corcra, na cruacha óir acu agus iad ag maíomh as an saibhreas atá ag prionsaí agus ag náisiúin agus muid ag féachaint freisin ar a bpálais shómasacha le fallaí arda agus daingnithe ar a mbarr.

In áit an chiúnais naofa séard atá ann ná slua coirpeach…in ionad daoine a bheith ar a gciall tá féastaí meisciúla, in ionad oilithreachtaí cráifeacha tá leisciúlacht lofa, in ionad cosa nochta na n-aspal gabhann capaill chogaidh na gcoirpeach thar bráid, na capaill agus iad feistithe in ór agus iad á gcothú le hór, is gearr go gcuirfear crúnna óir ar a gcrúba muna gcuireann an Tiarna stop leis an só uiríseal seo."

(Foinse: J.H Robinson, "Readings in European History", lch 502)

**Foinse E**

*Pictiúr ón tréimhse, ina dtaispeántar ár a rinneadh ar Phrotastúnaigh Lá Fhéile Bairtliméid, 1572.*



**Foinse F**

*Sliocht as litir ó Catherine de Medici chuig a hambasadóir sa Veinéis. Ba í Catherine máthair Rí na Fraince an tráth sin.*

"Is mór an chúis buartha é don Rí gur maraíodh Protastúnaigh áirithe in uair na feirge. Caitlicigh a mharaigh iad agus cuimhne acu ar an iliomad urchóidí, gadaíocht agus feall-bhearta eile a rinneadh orthu féin. Ach anois ar deireadh thiar tá an tsíocháin i réim, sa gcaoi nach n-aithnítear ach Rí amháin agus reacht amháin…mar tá an Rí diongbháilte, ó tharla an oiread sin mí-ghníomhartha de bharr difríochtaí idir reiligiúin, nach gceadóidh sé aon reiligiún eile ach a cheann féin."

**A.** Déan staidéar ar Fhoinse D, sliocht as litir ó Petrarch(1304-1374), scríbhneoir clúiteach de chuid an Renaissance, ina ndéanann sé an saol a chaith na pápaí sa 14ú céad a cháineadh.

(i) Cé hiad "comharbaí ar iascairí bochta na Galaile"? (2)

(ii) An raibh an scríbhneoir sásta leis an méid a chonaic sé? Luaigh píosa **amháin** fianaise ón sliocht a chuidíonn le do fhreagra. (2)

(iii) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis na cúiseanna a bhí leis an Reifirméisean:

*Síomóntacht; Finíochas; Neamhchónaitheacht; Ilfheidhmeannas.*

(6)

**B.** Ainmnigh leasaitheoir Protastúnach a bhfuil staidéar déanta agat air.
Breacrianaigh **trí** dhifríocht idir an creideamh a bhí aige agus creideamh na hEaglaise Caitlicí.
(6)

**C.** Séard atá i bhFoinse E ná tuairim ealaíontóra de Ár Lá Fhéile Bairtliméid a rinneadh ar Phrotastúnaigh sa Fhrainc sa bhliain 1572.
Sliocht as litir a scríobh máthair Rí na Fraince atá i bhFoinse F.

(i) As Foinse E, tabhair **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann go raibh na saighdiúirí an-chruálach. (2)

(ii) I bhfoinse F, cén chaoi a mhíníonn Catherine de Medici an marú a tharla? (2)

(iii) Scríobh cuntas ar **ceann amháin** de na topaicí seo a leanas:

*(a)* Comhairle Trento.
*(b)* Cumann Íosa (na hÍosánaigh).
*(c)* Cogaí Creidimh san Eoraip, 1525-1648. (10)

**6.** Freagair **dhá** ceann de na ceisteanna seo a leanas,**A, B, C, D.** (60 marc)

**A. ÁR bPRÉAMHACHA ÓN tSIBHIALTACHT ANALLÓD**

Roghnaigh sibhialtacht anallód **lasmuigh d'Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus freagair na ceisteanna seo a leanas.
Scríobh ainm na sibhialtachta ón tréimhse anallód atá roghnaithe agat ag barr do chuntais.

(i) Ainmnigh duine clúiteach **amháin** a raibh baint aige/aici leis an tsibhialtacht a roghnaigh tú. (2)

(ii) Déan cur síos ar an teach ina mbíodh cónaí ar dhuine saibhir i rith thréimhse na sibhialtachta sin. (6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas sa tsibhialtacht sin.

*(a)* Bia agus éadaí; *(b)* Cúrsaí oibre, ealaíona agus ceardaíocht;
*(c)* Gnásanna adhlactha. (2x8)

(iv) Cad iad na príomhrudaí gur éirigh leis an tsibhialtacht sin a thabhairt i gcrích, dar leat? (6)

**B. AN MHEÁNAOIS, 1100-1500**

(i) Sa Mheán Aois cad a bhí i *niachas*? (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** chontúirt a bhí le sárú ag na daoine a raibh cónaí orthu i mbailte móra sa Mheánaois. (2)

(iii) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le caisleáin sa Mheánaois:

*Túirín; Móta; Daingean; Portcullis; Bábhún.* (6)

(iv) Tabhair na príomhchéimeanna a bhain le traenáil cheardaithe i mbaile mór sa Mheánaois. (10)

(v) Scríobh cuntas ar ghnáthshaol seirfigh ar mhainéar sa Mheánaois. (10)

**C. FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS**

(i) Tabhair **dhá** chúis nár éirigh le Páirtí an Rialtais Dúchais in Olltoghchán na bliana 1918. (4)

(ii) I do fhreagarleabhar cuir isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1) - (6). Ba chóir duit na huimhreacha cuí a chur leis na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh. **Ná freagair an cheist seo ar an bpáipéar scrúduithe.**

(1) Ba é Sir James_______an chéad Phríomh-Aire a bhí ar Thuaisceart Éireann.
(2) Ba é páirtí na ________an páirtí ba mhó i dTuaisceart Éireann i bhfichidí an chéid seo caite.
(3) An t-ainm a thugtaí ar an ngnás toghcheantair a roinnt suas chun buntáiste a thabhairt do pháirtí polaitíochta áirithe ná_______ .
(4) Ba é Sir Terence________ an Príomh-Aire a bhí ar Thuaisceart Éireann ó 1963 go 1969.
(5) Bunaíodh Gluaiseacht na gCearta Sibhialta chun feachtas a eagrú chun dálaí níos fearr a fháil don mhionlach_________ .
(6) Chuir rialtas Thuaisceart Éireann___________ nó príosúnacht gan triail i bhfeidhm sa bhliain 1971. (6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*(a)* Séamas Ó Lorcáin.
*(b)* Rialtas Chumann na nGaedheal, 1922-1932.
*(c)* An Cogadh Eacnamaíoch, 1932-1938.
*(d)* An saol mar a bhí in Éirinn i rith an Dara Cogadh Domhanda.
*(e)* An Chéad Rialtas Idir-Pháirtíoch, 1948-1951. (2x10)

## D. CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Ainmnigh **dhá** mhodh a d'úsáid na Naitsithe chun deachtóireacht a bhunú sa Ghearmáin. (4)

(ii) I do fhreagarleabhar cuir isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1) – (6). Ba chóir duit na huimhreacha cuí a chur leis na focail ach ní gá na habairtí a athscríobh.
**Ná freagair an cheist seo ar an bpáipéar scrúduithe.**

(1) Sa bhliain 1936 chuaigh trúpaí na Gearmáine isteach sa_______ .

(2) An bhliain chéanna bhunaigh Hitler agus____________comhaontas ar a dtugtaí Ais Bheirlín agus na Róimhe.

(3) I Márta na bliana 1938 ghlac an Ghearmáin seilbh ar an Ostair. Tugtar_______________________ar an tarlachtaint sin.

(4) Ag Comhdháil Munich tugadh ____________don Ghearmáin.

(5) Ghlac an Ghearmáin seilbh ar an gcuid eile de____________ i Márta na bliana 1939.

(6) Chreid Príomh-Aire na Breataine, Neville Chamberlain i bpolasaí ar a dtugtaí______________________ . (6)

(iii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

*(a)* Buanna na Gearmáine i dtús ama sa Dara Cogadh Domhanda, Meán Fómhair 1939- Aibreán 1940.
*(b)* Turnamh na Fraince, 1940.
*(c)* An saol mar a bhí sa Bhreatain i rith an Dara Cogadh Domhanda.
(10)

(iv) *Faoi Bhealtaine na bliana 1945 bhí an Ghearmáin cloíte go hiomlán agus ghéill sí do na comhghuaillithe.*

Agus aird á tabhairt agat ar an ráiteas thuas, scríobh cuntas ar na cúiseanna go raibh an bua ag na Comhghuaillithe.
(10)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

# STAIR - ARDLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

# FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A.**



*Foinse: Dúchas*

**PICTIÚR B1.**





**PICTIÚR B2.**



*Foinse: Harold Shukman, "Stalin" (lch. 52). Sutton Pocket Biographies.*

**PICTIÚR C.**




*Foinse: "Léarscáil de Stair na hÉireann" (lch. 121). Gill & Macmillan.*

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

***An Conradh agus Cúnant Sollúnta a shínigh Aontachtaithe Uladh ar " Lá Uladh ", 28 Meán Fómhair, 1912.***

"Agus muid deimhin de inár gcoinsias gur mór an tubaiste do leas an phobail in Ulaidh agus in Éirinn uilig a bheadh i Rialtas Dúchais, mar mhillfeadh sé ár saoirse creidimh agus ár saoirse sibhialta, scriosfadh sé ár saoránacht agus bheadh sé baolach d'aontacht na hImpireachta, uime sin muidne a bhfuil ár n-ainmneacha curtha leis seo—fir Uladh, géillsinigh dhílse a Mhórgacht Geanúil Rí Seoirse V agus muid ag braith go mór ar an Dhia ar chuir ár n-aithreacha muinín iomlán ann sna laethanta a raibh strus agus deacrachtaí le sárú, geallaimid i gCúnant sollúnta go seasfaimid le chéile anois agus an anachain ag bagairt orainn agus go gcosnóimid dúinn féin agus dár bpáistí ár stádas measúil mar chomhshaoránaigh sa Ríocht Aontaithe agus feidhm á baint againn as pé áis a bheidh riachtanach chun an lámh uachtar a fháil ar an gcomhcheilg atá ar siúl faoi láthair chun parlaimint an Rialtais Dúchais a bhunú in Éirinn.

Agus i gcás go mbrúitear parlaimint dá leithéid orainn, mionnaímid freisin i dteannta a chéile nach n-aithineoimid údarás na parlaiminte céanna. Cuirimid ár n-ainmneacha leis seo agus muid lán-deimhneach de go gcosnóidh Dia ár gceart. Ina theannta san mionnaímid nach bhfuilimid tar éis an Cúnant seo a shíniú cheana féin. Go gcosnaí Dia an Rí."

*Foinse: A. C. Hepburn, "Ireland 1905-25. Iml 2 Doiciméid agus Anailís orthu", lch. 125.*

### DOICIMÉAD 2.

***Sliocht as óráid a thug Cathal Brugha an 7 Eanáir, 1922 le linn na díospóireachta i nDáil Éireann ar an gConradh Angla-Éireannach.***

"Anois tá an tUasal Ó Gríofa tar éis tagairt a dhéanamh nach bhfuil ann ach cailicéireacht(**1**) idir an Conradh seo aige agus malairt leagain atá againne. Ach tá sé i gceist ag Rialtas Shasana faoi mar a deir siad, cogadh a fhearadh mar gheall ar chailicéireacht. An difríocht atá ann im thuairimse, ná an difríocht atá idir deoch uisce agus deoch nimhe. Dá nglacfainnse leis an gconradh seo…bheinn im thuairimse ag déanamh féinmharú náisiúnta; bheinn ag briseadh an traidisiún náisiúnta atá tar éis teacht anuas chugainn leis na céadta bliain. Bheimis ag déanamh rud den chéad uair nár chuimhnigh aon ghlúin roimhe seo a dhéanamh—bheimís dár ndeoin féin, go toilteanach ag admháil gur saoránaigh Bhriotanacha sinn, agus go toilteanach ag glacadh mionn dílseachta do Rí Shasana.

Táimid sásta socrú a dhéanamh, sé sin comhaontas le Comhlathas na Náisiún Briotanach mar a thugtar air de ghnáth, ar an dul céanna a bheag nó a mhór mar a théann comhlacht gnó i gcomhpháirtíocht le ceann eile nó le níos mó ná ceann amháin eile…Anois, tri dhul isteach i gcomhcheangal ní chailleann aon chomhlacht a shaoirse mar ghnólacht. Táimidne sásta ar na téarmaí céanna dul isteach i gcomhpháirtíocht le Comhlathas na Náisiún Briotanach agus ionas go mbeadh an comhaontas sin ann, táimid sásta aitheantas a thabhairt do Rialtas Shasana mar cheann ar an gcomhaontas… Anois trí dhul isteach i socrú dá leithéid nílimid ag dul isteach in Impireacht na Breataine: agus ní ghlacaimid mionn ar bith ach an oiread; agus ní bheidh ionadaí ar bith ó choróin Shasana mar ghobharnóir ginearálta in Éirinn."

(1) cailicéireacht = athrú beag i mbrí na bhfocal.

*Foinse: Dáil Éireann, Díospóireachtaí ar an gConradh, Lgh. 325-34.*